



Árachas Giurléide Leathanach an Mhúinteora

Freagra ar cheist Cháit:

Samantha <sam@deasceolais.edu>

15.39 (3 uair ó shin)

Do: Cáit

Haigh Cáit, Nuair a cheannaíonn tú gléasanna leictreonacha costasacha, luíonn sé le réasún go mbeadh tú ag iarraidh tú féin a chosaint, ach is minic go mbíonn an t-árachas ar earraí mar seo an-chostasach san fhadtéarma. Tá cúpla rud ar fiú smaoineamh fúthu sula bhfaigheann tú aon pholasaí, le cinntiú go bhfuil an margadh is fearr á fháil agat.

(1)

Féach an bhfuil tú clúdaithe cheana faoin árachas tí atá agat – faoi árachas tí agus inneachair. Is minic go mbíonn ‘gach riosca’ mar rogha bhreise ar pholasaithe tí – a thugann cosaint duit ar rud a chailltear nó a ghoidtear, nó damáiste a tharlaíonn de thaisme, ar ghiurléidí pearsanta taobh istigh agus taobh amuigh den teach.

- Cuir ceist ar do chomhlacht árachais agus fiosraigh cad go díreach atá clúdaithe – agus cad é nach bhfuil.
- Fiosraigh an bhfuil aon bharrachas gur gá duit a íoc má dhéanann tú éileamh leo agus déan machnamh ar na himpleachtaí a bhaineann leis seo.

(2)

Fiosraigh ó do chomhlacht árachais cén costas a bheadh ar árachas don ríomhaire agus déan comparáid idir an praghas seo agus an praghas atá ar fáil ón siopa.

(3)

Muna bhfuil polasaí árachais tí agat, fiosraigh cén phréimh (praghas) a bheadh á híoc má fhaigheann tú árachas ón siopa. Smaoinigh cén costas a bheadh air thar cúpla bliain. Ba cheart duit aon chlásal eisiamh (exclusion clause) a bheadh i gceist a fhiosrú leo chomh maith.

(4)

Má shocraíonn tú ar árachas a fháil ón siopa, léigh na téarmaí agus na coinníollacha go cúramach. Féach an bhfuil aon bharrachas nó eisiamh. Déan machnamh ar an seans go gcaillfidh Eric an ríomhaire, go mbrisfear nó go ngoidfear é – agus cuir seo i gcomparáid le costas iomlán an ríomhaire, ar eagla go mbeadh oraibh ceann nua a fháil. Ná déan dearmad má bhíonn fabht leis an ríomhaire go luath tar éis é a cheannach go bhfuil cearta tomhaltóra agat agus go bhfuil tú i dteideal deisiú, earra ionaid, nó aisíoc sna cásanna sin. Mar sin bí cinnte go gcoimeádann tú an admháil ar eagla go mbíonn sé ag teastáil uait.

Guím gach rath ar Eric, leis an ríomhaire nua agus leis an staidéar!

